Tine i gCarna

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thine a tosaíodh i gCarna i gContae na Gaillimhe**.**
Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc.
Ag obair leis an duine in aice leat ceangal na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

a)Eachtraí	1)malicious	**a**
b)Mailíseach	2)criminal	**b**
c)Dianscrúdú	3)examination	**c**
d)Ceannfort	4)examining	**d**
e)dlí	5)building	**e**
f)Ionsaí	6)law	**f**
g)Socair	7)events	**g**
h)Foirgneamh	8)passive	**h**
i)I mbun fiosraithe	9)attack	**i**
j)coirpeach	10)criminal	**j**

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén contae ina bhfuil Carna suite?
2. Cén t-am ar thosaigh an tine dar leo?
3. Cad a tharla roinnt seachtainí ó shin sa stáisiún?
4. Cé mhéad garda a bhí ag obair sa stáisiún sin?

Ceist 4 **Féach ar na focail thíos:**

Tá go leor damáiste *déanta.*

(a) Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal atá i gcló Iodálach thuas?

(b) Éist leis an tuairisc arís agus scríobh an fhoirm cheart de na briathra sna bearnaí thíos:

Déanta: déanta
Las: _____
scrios: _____
mill: _____
fág: _____

Ceist 5 Luaitear Gaeltacht Charna i gConamara agus taispeántar ceantair Ghaeltachta na hÉireann ar an léarscáil thíos



- Ceangal an Contae agus an Ghaeltacht cheart sa bhosca thíos le chéile

1)Conamara	a)Maigh Eo
2)Gaoth Dobhair	b)Ciarraí
3)An Eachléim	c)Corcaigh
4)Corca Dhuibhne	d)An Mhí
5)An Rinn	e)Port Láirge
6)Ráth Chairn	f)Gaillimh
7)Múscraí	g)Dún na nGall

1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa
An raibh tú riamh sa Ghaeltacht? Má bhí inis don duine eile faoi.
Ar cheart go mbeadh ar gach duine sa tír seo an Ghaeilge a fhoghlaim?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl. Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar**.**

Ceist 2

- A-7
- B-1
- C-3
- D-10
- E-6
- F-9
- G-8
- H-5
- I-4
- J-2

Ceist 3

1)Tá Gaeltacht Charna suite i gContae na Gaillimhe
2)Thosaigh an tine thart ar a deich a chlog san oíche.
3)Briseadh na fuinneoga sa stáisiún céanna roinnt seachtainí ó shin.
4)Beirt ghardaí a bhí ag obair sa stáisiún sin.

Ceist 4

An aidiacht bhriathartha atá i gceist.

- Lasta
- Scriosta
- Millte
- fágtha

Ceist 5

- 1-f
- 2-g
- 3-a
- 4-b
- 5-e
- 6-d
- 7-c

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Stáisiún Gharda Charna loiscthe
Eimear Ní Chonaola
Tá fiosrúcháin ar siúl ag na Gardaí faoi thine a tharla i stáisiún na nGardaí i gCarna i gContae na Gaillimhe aréir .Níor gortaíodh aon duine sa tine a cheaptar a tosaíodh go mailíseach ach tá go leor damáiste déanta den taobh istigh den stáisiún. Deir ceannfort na nGardaí sa gceantar gur ionsaí ar an Stáit atá ann agus nach bhfuil aon rud níos measa ná ionsaí den chineál sin. Tá tuairisc ag Máire T. Ní Mhaidin.

Máire T. Ní Mhaidin.
Tá an dianscrúdú teicniúil ar bun ag na Gardaí i gcaitheamh an lae féachaint le fianaise a bhailiú agus déanamh amach cén chaoi ar tosaíodh an tine aréir.

An Ceannfort Tony Ó Domhnaill
Thart ar a deich a chlog tráthnóna aréir cuireadh glaoch ar an stáisiún sa gClochán* go raibh tine tar éis tarlú san fhoirgneamh anseo. Agus tháinig na Gardaí ar an láthair agus nuair a tháinig siad ar an láthair bhí rudaí go dona caithfear a rá. Tá an-scrios déanta. Tá an scéal go dona. Tá sé le feiceáil ansin agus Is rud uafásach ar fad é go bhfuil a leithéid de rud tar éis tarlú sa gceantar seo .Tá a lán diabhlaíochta tar éis tarlú sa gceantar seo ach caithfear a rá maidir leis an ionsaí seo…… Is ionsaí ar an stáit é agus níl aon rud níos measa ná sin.

Níl sé ach roinnt seachtainí ó briseadh na fuinneoga ar an stáisiún céanna agus tá na heachtraí ag cur isteach ar an bparóiste ina bhfuil cónaí ar thart ar ocht gcéad déag duine.

An sagart áitiúil
Tá pobal na háite seo an-trína chéile faoi láthair tar éis eachtra na hoíche aréir. Ba rud uafásach gránna an rud a tharla .Tá náire orthu freisin gur tharla a leithéidí in áit dheas chiúin shocair** go hiondúil.

Siopadóir áitiúil
Maidin inniu nuair a d'oscail mé an Chéad duine a tháinig isteach d'inis siad dom go raibh an beairic lasta. Agus chuir sé brón orm, chuir sé faitíos orm agus chuir sé fearg orm. Mar ní shin é an sórt áite a bhfuil mise i mo chónaí ann
Áit chiúin*** agus daoine deasa agus daoine groíúla agus níl a fhios agam cé as a dtáinig sé seo agus níl a fhios agam cén chaoi ar tharla sé.
Níl fios dá laghad agam cén chaoi ar tharla sé ach is dona don áit.

Máire T. Ní Mhaidin
Tá an trealamh cumarsáide sa stáisiún scriosta, tá cáipéisí millte agus tá drochbhail fágtha ar throscáin agus feistis. Beirt ghardaí atá lonnaithe i gCarna agus caithfear anois malairt socruithe a dhéanamh dóibh.
Tá acmhainní breise chomh maith le foireann mhór i mbun fiosraithe ag na Gardaí faoin tine agus deir ceannfort stáisiún an Chlocháin go gcaithfear an coirpeach nó na coirpigh atá taobh thiar den eachtra seo a thabhairt chun dlí

* sa le hurú a deirtear i gConamara, scríobhtar 'sa' le séimhiú de réir an chaighdeáin.
**áit deas ciúin socair a deirtear.
***áit ciúin a deirtear